

Ceacht 3



Sainaithin na bunmhothúcháin a bhraithimid (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla) agus mol cén ‘chuma’ a d’fhéadfadh a bheith ar na mothúcháin sin

Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann roinnt de na bunmhothúcháin a bhraithimid a shainaithint (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla) agus a mholadh cén ‘chuma’ a d’fhéadfadh a bheith ar na mothúcháin sin.

Toradh Foghlama

Roinnt mothúchán bunúsach a shainaithint (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla).

Nótaí na Mhúinteora

Is cuid dár bpearsantacht iad na mothúcháin a bhraithimid agus is féidir a lán mothúchán a bhrath le linn an lae.

Acmhainní

- An físeán ‘An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide’
- Gníomhaíocht idirghníomhach ‘Cad is Mothúchán ann?’
- Gníomhaíocht 3.1

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Mothúcháin, Ainmnigh an Mothúchán
- Foghlaim ghníomhach – Ainmnigh an Mothúchán
- Comharfhoghlaim – Ainmnigh an Mothúchán
- Scileanna trí mheán an ábhair – an ghníomhaíocht idirghníomhach ‘Cén mothúchán atá i gceist?’, An físeán ‘An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide’

Ceacht 3



Cur Chuige

Céim 1: Mothúcháin

- Iarr ar na leanaí na mothúcháin a bhraitheann siad a ainmniú?

Seans go luafaidís na cinn seo a leanas: sonas, míshonas, buairt, fearg, leadrán, spéis, ionadh, eagla.

- Fiafraigh de na leanaí cathain a bhraithfidís na mothúcháin éagsúla sin – sonas, míshonas, etc.
- Fiafraigh de na leanaí cén chuma a bheadh ar a ngnúis dá mbraithfidís na mothúcháin sin.
- D'fhéadfadh an múinteoir é sin a léiriú dóibh.
- Iarr ar na leanaí gotha gnúise eile a dhéanamh chun mothúchán eile a léiriú seachas an ceann a léirigh siad.

Céim 2: Ainmnigh an mothúchán

- Téigh timpeall an ranga agus iarr ar gach leanbh faoi seach mothúchán éigin a léiriú trí ghotha gnúise a dhéanamh – sonas, míshonas, buairt etc. agus iarr ar na leanaí eile an mothúchán sin a ainmniú.
- Ansin cuir na leanaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí, iarr ar na leanaí mothúchán a léiriú le gotha gnúise agus beidh ar a bpáirtí an mothúchán sin a ainmniú.

Céim 3: An gníomhaíocht idirghníomhach 'Cén mothúchán atá i gceist?'


- Abair leis na leanaí gur féidir leo triail a bhaint as an ngníomhaíocht idirghníomhach chun na mothúcháin atá á léiriú ag roinnt de na leanaí eile a thomhas.
- Oscail an gníomhaíocht 'Cén mothúchán atá i gceist?' ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, a dhíríonn ar na mothúcháin sonas, míshonas, fearg agus buairt.
- Tabhair an deis do na leanaí a thomhas cén mothúchán atá á léiriú ar a n-aghaidh.
- Fiafraigh den rang cén fáth, dar leo, a mbraithfí na mothúcháin éagsúla sin.
- Tabhair an deis do na leanaí aithris a dhéanamh ar na mothúcháin a fheiceann siad ar an scáileán, agus a mhíniú cén fáth ar braitheadh na mothúcháin sin.




Gníomhaíocht Idirghníomhach

Céim 4: Gníomhaíocht na Mothúcháin

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhéanamh a bhaineann leis an méid atá díreach foghlamtha acu.
- Bain úsáid as Gníomhaíocht 3.1 agus tabhair an deis do na leanaí íomhána de mhothúcháin éagsúla a ghearradh amach.
- Is féidir leo iad a ghreamú isteach sa spás cuí de réir an mhothúcháin (e.g. sonas, míshonas, fearg, buairt) ar Gníomhaíocht 3.2.
- Tar éis dóibh an gníomhaíocht a chur i gcrích bain úsáid as an ngníomhaíocht 'Cén mothúchán atá i gceist?' ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, chun a sheiceáil go bhfuil na híomhána curtha isteach acu ar an taobh ceart.



Gníomhaíocht 3.1



Gníomhaíocht 3.2

Céim 5: An físeán 'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar mhothúcháin agus ar na meáin chumarsáide.
- Seinn an físeán 'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'
- Cuir an físeán ar sos agus fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon samplaí díobhsan feicthe acu.
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad nó ar chuala siad aon rud nach raibh ar eolas acu cheana.
- Mínigh dóibh go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi mhothúcháin agus faoi na meáin, ach idir an dá linn gur chóir dóibh súil a choinneáil amach do theachtaireachtaí a thugann siad faoi deara sna meáin chumarsáide, agus na mothúcháin a spreagann na teachtaireachtaí sin iontu.



Físeán